ACMHAINN 4

Foinse: Na Laitviaigh Thar Lear – Músaem agus Ionad Taighde, Ríge, An Laitvia

I ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda, cuireadh cóiríocht ar na mílte duine i gcampaí speisialta do dhaoine easáitithe. Ba le cailín óg ón Laitvia an béirín bréige seo. Chuaigh sise trí go leor de na campaí seo go dtí gur tháinig sí faoi dheireadh go dtí Stáit Aontaithe Mheiriceá. Bhí sí ar dhuine de na 460 000 duine ar glacadh isteach leo sa tír. Bhí an béirín bréige seo aici mar mheabhrú ar thréimhse níos sona a bhí aici ina hóige – roimh an gcogadh.

Foinse: © Public domain

Na daoine a bhí ina gcónaí in Oirthear na hEorpa sa ré Shóivéadach, ní raibh cead acu taisteal chuig na tíortha in Iarthar na hEorpa, nó bhí sé an-deacair acu an cead sin a fháil. Mar sin féin, bhí an dóchas ag go leor daoine saol níos fearr a aimsiú san Iarthar, agus mar sin chuir siad a saol féin i mbaol san iarracht dul ann. Seo feisteas tumadóireachta a bhí á chaitheamh ag fear a chuaigh ag snámh chun na saoirse sa Ghearmáin Thiar, é ag éalú ó Ghearmáin Thoir na gcumannach sna 1960idí.

Foinse: Artist: © Lihidheb Mohsen / Photo: © European Union, 2016

San íomhá seo, feicimid bróg naíonáin atá ar taispeáint istigh i mbuidéal. Tháinig an t-ealaíontóir Lihidheb Mohsen ar an mbróg ar thrá sa Túinéis in 2014. Tamall ina dhiaidh sin, chuir an t-ealaíontóir an bhróg ar taispeáint istigh i mbuidéal. Is minic go ndéanann daoine aistir chontúirteacha farraige ó Thuaisceart na hAfraice go dtí Deisceart na hEorpa agus cuireann siad rudaí pearsanta agus luachmhara isteach i mbuidéil chun iad a chosaint ón sáile.